



Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní

Alt 53 Ráiteas Bliantúil 2025

Ceanglaíonn alt 53 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní 2009 (“an tAcht”) ar GNBS Ráiteas Bliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais trí mhí roimh thús na bliana airgeadais lena mbaineann sé. Ní mór na nithe seo a leanas a shonrú sa Ráiteas:

- cuspóirí beartaithe gach grúpeintitis de chuid GNBS don bhliain airgeadais lena mbaineann,
- cineál agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí atá le déanamh,
- na straitéisí agus na beartais atá beartaithe le cur i bhfeidhm, agus
- cur i bhfeidhm beartaithe acmhainní.

Tugann an tAcht cumhachtaí agus feidhmeanna éagsúla do GNBS chun a cuspóirí a bhaint amach. Tá feidhmeanna reachtúla éagsúla ag an mBord lena n-áirítear a chinntiú go gcomhlíontar feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil, ag leagan síos cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha, agus ag cinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na cuspóirí agus na spriocanna seo a bhaint amach.

Sonraítear sa ráiteas seo a leanas na cuspóirí, na gníomhaíochtaí, na straitéisí agus an leithdháileadh acmhainní atá beartaithe ag an nGníomhaireacht do 2025. Toisc go bhfuil an GNBS sceidealaithe lena hoibríochtaí a thabhairt chun críche ar an 31 Nollaig 2025, is é seo an ráiteas deiridh a ullmhóidh an Gníomhaireacht i gcomhréir le hAlt 53.

Chun críche an Ráitis seo, meastar GNBS agus a grúpeintitis mar aon ní amháin.

A. Cuspóir

Leagann alt 10(1) den Acht cuspóirí GNBS amach, agus iad achoimrithe mar:

- a) sócmhainní incháilithe a fháil ó institiúidí rannpháirteacha;
- b) déileáil go tapa le sócmhainní faighte; agus
- c) luach sócmhainní a chosaint agus a fheabhsú, ar mhaithe le leas an Stáit.

Is é sainordú tráchtála reachtúil GNBS, bunaithe ar Alt 10 (2) den Acht, an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach don Stát a fháil, ag féachaint don chostas a bhaineann le sócmhainní bainc a fháil agus déileáil leo agus dá chostas féin ar chaipiteal agus ar chostais eile, agus d'aon fhachtóir eile a mheasann GNBS a bheith ábhartha maidir lena críocha a bhaint amach. I gcomhthéacs an tsainordaithe tráchtála reachtúil uileghabhálach seo, tá ceithre príomhchuspóir glactha ag Bord an GNBS, atá leagtha amach thíos:

1. Is é príomhchuspóir tráchtála an Bhoird ná an barrachas is mó is féidir a bhaint amach go hindéanta ó bhainistiú agus diúscairt a phunann atá fágtha, faoi réir choinníollacha an mhargaidh atá i réim, a ghiniúint faoi mhí na Nollag 2025.

Dul chun cinn: Chríochnaigh an GNBS aisíocaíocht a fiacha agus a hoibleagáidí cothromais go léir faoi Bhealtaine 2020¹. Tá sé réamh-mheasta faoi láthair gurb é €5.2 billiún ranníocaíocht iomlán an GNBS leis an Státchiste, comhdhéanta den bharrachas saoil réamh-mheasta de €4.8 billiún agus €0.4 billiún d'íocaíochtaí cánach corparáide. Faoi dheireadh Lúnasa 2024, bhí €4.25 billiún ó bharrachas an GNBS aistrithe chuig an Stát, lena n-áirítear íocaíochtaí cánach a rinneadh.

2. Díreoidh GNBS ar dhianbhainistíocht sócmhainní a phunann talún cónaithe atá fágtha, chun láithreáin a ullmhú le haghaidh forbartha sa todhchaí agus chun

¹ D'fhuascail an GNBS €31.8 billiún de dhliteanais fiachais a eisíodh chun iasachtaí a fháil; Chuimsigh €30.2 billiún den fhigiúr seo Fiachas Sinearach a fuascailt ina iomláine faoi Dheireadh Fómhair 2017. Faoi Mhárta 2020, bhí €1.6 billiún d'fhofhiachas aisíochta ag an GNBS, agus, i mBealtaine 2020, cheannaigh GNBS, ar €56m, an scairsheilbh 51% d'infheisteoir príobháideach i GNBS, rud a bhí faoi úinéireacht 100% ag an Aire Airgeadais.

luach inréadaithe a bharrfheabhsú de réir ár sainordaithe tráchtála. Tá sé mar aidhm ag an GNBS freisin oibriú leis na féichiúnaithe/glacadóirí atá fágtha aici chun an t-uaslíon tithe nua is féidir a sholáthar ó mhaoiniú ceadaithe, faoi réir inmharthanacht tráchtála.

Dul chun cinn: Ó 2014 go deireadh Lúnasa 2024, tá seachadadh 39,377 teach nua maoinithe nó éascaithe ag an GNBS. Astu seo, **mhaoinigh an GNBS 14,336 teach. Seachadadh 25,041 teach** ar shuímh a raibh cead pleanála, oibreacha cumasúcháin, costais dlí nó costais sealbhaíochta maoinithe ag an GNBS ina leith sular cuireadh de lámh iad. Go dtí seo in 2024, tá 118 aonad cónaithe seachadta agus tá 324 aonad eile á dtógáil (críochnófar timpeall 145 díobh in 2025). Leanann an GNBS ar aghaidh ag uasmhéadú líon na láithreán atá réidh le haghaidh forbartha sa todhchaí ach is dúshlán suntasach fós é pleanáil chuí a bhaint amach. Tá dul chun cinn níos mionsonraithe ar an tionscnamh seo leagtha amach ar leathanaigh 5-6.

- 3. Tabharfaidh an GNBS a cuid oibre chun críche tráth nach déanaí ná mí na Nollag 2025 tar éis foirceannadh céimnithe ordúil, ag féachaint do phríomhacht a sainordaithe tráchtála Alt 10. Tá sé mar aidhm ag an GNBS leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh gach gealltanais amach anseo as a hacmhainní féin. Oibreoidh GNBS i gcomhar le GBCN agus leis an Roinn Airgeadais chun aistriú aon ghníomhaíochta neamhchríochnaithe chuig Aonad Réitigh GBCN faoi dheireadh -2025 a éascú.**

Dul chun cinn: Tá céimeanna tosaigh an fhoirceanta curtha chun cinn ag aonad Claochlaithe an GNBS, trí chur i bhfeidhm na straitéise foirceanta a cuireadh faoi bhráid an Aire Airgeadais i mí na Samhna 2021. Sula gcríochnóidh an GNBS a cuid oibre ag deireadh 2025, tabharfaidh an GNBS díghiaráil a punainne atá fágtha chun críche agus cinnteoidh sí go ndéanfar aon ghníomhaíocht iarmharach atá le haistriú chuig Aonad Réitigh GBCN a íoslaghdú a mhéid is indéanta. Bíonn teagmháil rialta ag an GNBS leis an GBCN agus leis an Roinn Airgeadais maidir le bunú an Aonaid Réitigh. Tá sonraí ar dhul chun cinn foirceanta agus tionscadail ghaolmhara leagtha amach ar leathanaigh 6-7.

- 4. Faoi réir príomhacht a sainordaithe tráchtála Alt 10 ach é a chomhlánú go minic, agus laistigh de chomhthéacs punann urraithe i bhfad níos lú, féachfaidh**

an GNBS le cur go dearfach sóisialta agus eacnamaíoch ar fud a cuid gníomhaíochtaí eile.

Dul chun cinn: Ar feadh a saoil d'oibrigh an GNBS go dlúth le ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus údaráis áitiúla, nuair ab fhéidir, chun réadmhaoine a d'fhéadfadh leas pobail nó sóisialta a bhaint amach a shainaithint. Mar a shonraítear ar leathanaigh 7-8, sainaitníodh breis agus 7,600 aonad mar aonad a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta agus tairgtear iad d'údaráis áitiúla ach ní raibh gá le formhór na n-aonad seo nó measadh a bheith mí-oiriúnach ag am na tairisceana nó ní raibh siad ar fáil ina dhiaidh sin. . San iomlán, tá 2,957 teach curtha ar fáil do thithíocht shóisialta ag an GNBS go dtí seo. Féachann an GNBS lena chinntiú go mbíonn tionchar teoranta ar an gcomhshaol ag a gníomhaíochtaí forbartha.

B. Gníomhaíochtaí

I rith 2025, tabharfaidh an GNBS a gníomhaíochtaí bainistithe sócmhainní agus díghiarála chun críche, i gcomhréir lena cuspóirí straitéiseacha, lena chinntiú go mbeidh airgead iomlán á baint as a cuid sócmhainní atá fágtha faoi dheireadh -2025. Tá a céimeanna foirceanta á gcur chun cinn ag GNBS agus tá súil aici a gníomhaíochtaí go léir a thabhairt chun críche faoi dheireadh mhí na Nollag 2025. Laghdóidh oibríochtaí GNBS i gcomhréir le réiteach gníomhaíochtaí tráchtála gaolmhara. Déanfaidh an GNBS bainistiú freisin ar aon sócmhainní agus dliteanais IBRC iarmharacha a aistrítear chuig an ngníomhaireacht. Tacóidh GNBS le GBCN le linn 2025 lena chinntiú go bhfuil an t-aonad réitigh bunaithe agus go mbeidh acmhainní oiriúnacha aige chun aon ghníomhaíocht iarmharach de chuid GNBS a ghlacadh ó Eanáir 2026 ar aghaidh.

Cinntoidh cur i gcrích rathúil gníomhaíochtaí an GNBS go ndéanfar an €950 milliún atá fágtha den bharrachas réamh-mheasta de €5.2 billiún (lena n-áirítear cáin a íocadh) a réadú agus a sheachadadh don Státchiste, faoi réir choinníollacha an mhargaidh atá i réim.

1. Gníomhaíochtaí Díghiarála

Tá gníomhaíocht díghiarála an GNBS á threorú ag an gcuspoir maidir le haisghabháil ó iasachtaí maoin-tacaithe a uasmhéadú trí oibriú go dlúth le féichiúnaithe agus glacadóirí chun

luach na sócmhainní bunúsacha agus, nuair is cuí, na n-iasachtaí a fheabhsú, agus ar fháltais diúscartha ar deireadh thiar. Tá iasachtaí thart ar 43 féichiúnaí fós faoi bhainistíocht ghníomhach an GNBS. Táthar ag súil go bhfágfaidh formhór na bhféichiúnaithe sin GNBS faoi dheireadh 2024 agus an chuid eile ag fágáil in 2025. Beidh roinnt comhaontuithe fágála féichiúnaithe faoi réir tréimhse faireacháin (dhá bhliain go hiondúil) a bhainisteoidh aonad réitigh GBCN tar éis 2025. Is é an toradh a bheidh ar imeacht féichiúnaithe ná laghdú comhghaolaithe i bpunann iasachtaí iarmharacha agus parfhiachas an GNBS. Mar sin féin, d'fhéadfadh coinníollacha eacnamaíocha nach bhfuil smacht ag GNBS orthu idirbhearta díola sócmhainní/iasachtaí a chur siar, rud a chuirfeadh moill ar imeacht féichiúnaithe agus tionchar a imirt ar an luas ag a laghdaíonn punann GNBS.

Ní áirítear le gníomhaíocht díghiarála atá beartaithe iasachtaí atá faoi réir dlíthíochta nó iasachtaí arna n-urrú ag sócmhainní a bhfuil cumas suntasach ardaíthe luacha acu.

2. Gníomhaíochtaí Seachadta Cónaithe

Tá soláthar 39,377 teach nua **maoinithe nó éascaithe ag GNBS ó 2014**. Astu seo, tá 14,336 teach **seachadta go díreach** ag an GNBS, trí mhaoiniú a sholáthar go díreach d'fhéichiúnaithe agus glacadóirí nó trí fhorbairt a éascú trí chomhaontú ceadúnais nó comhfhiontar. Seachadadh **25,041 teach breise go hindíreach** ar láithreáin a raibh cead pleanála, costais dlí, costais sealbhaíochta nó oibreacha cumasúcháin maoinithe ag an GNBS ina leith ach a díoladh ina dhiaidh sin, nó inar díoladh nó inar athmhaoiníodh na hiasachtaí gaolmhara ina dhiaidh sin. Tá sé mar aidhm ag clár seachadta cónaithe an GNBS cothromaíocht chúí a bhaint amach idir seachadadh díreach agus indíreach, dí-riosca a bhaint as cuid den chlár agus seachadadh líon suntasach aonad nua gan caipiteal cáiníocóra a chur i mbaol.

Faoi láthair, tá **324 teach** á dtógáil, agus beidh an chuid is mó díobh críochnaithe in 2024. Críochnófar an ghníomhaíocht forbartha cónaithe go léir atá fágtha (c.145 aonad) le linn 2025.

Tá sócmhainní ag GNBS freisin ag bainistiú príomhshuíomhanna forbartha cónaithe mar ullmhúchán le haghaidh díolachán agus forbairt amach anseo. Meastar go bhfuil an poitéinseal ag banc talún urraithe an GNBS timpeall 12,000 teach nua a sholáthar sa mheántearma agus san fhadtearma mar atá leagtha amach i d**Tábla 1** thíos. Ní féidir an chuid is mó de na tithe seo a sholáthar laistigh den saolré atá fágtha ag GNBS, áfach, is é cuspóir an GNBS do 2025 oiread

de na suíomhanna seo agus is féidir a ullmhú le haghaidh forbartha sa todhchaí trí iarratais phleanála chuí a bhaint amach. Ní féidir an chuid is mó de na haonaid seo a sheachadadh ach amháin nuair a bhíonn an bonneagar tacaíochta riachtanach (bóithre, uisce, fónais, dramhaíl, srl.) curtha i bhfeidhm ag páirtithe eile agus criosú cuí agus cead pleanála faighte.

Tá príomhláithreáin áirithe ag a bhfuil poitéinseal breisluacha suntasach agus cumas do thart ar 4,000 aonad cónaithe ceannaithe ag GNBS. Déanfaidh GNBS na láithreáin seo a bhainistiú go dtí go n-ordóidh an tAire do GNBS iad a aistriú chuig comhlacht stáit cuí. Tarlóidh an t-aistriú seo le linn 2025 sula gcuirfidh an GNBS oibríochtaí i gcrích.

TÁBLA 1: Acmhainn forbartha cónaithe na punainne atá fágtha ag GNBS

Cead Pleanála tugtha	Iarratais Phleanála Taiscthe	Talamh Neamhchriosach & Láithreáin Níos Fadtéarmaí
3,034 aonad	3,572 aonad	5,537 aonad
Aonaid a bhfuil cead pleanála tugtha dóibh agus a dhíolfaidh nó a athmhaoineoidh féichiúnaithe/glacadóirí	Aonaid le hiarratais phleanála curtha isteach agus á mbreithniú ag údaráis phleanála	Poitéinseal talún níos fadtéarmaí (tar éis 2025) faoi réir Criosaithe, Pleananna Ceantair Áitiúil nó Criosanna Forbartha Uirbigh

3. Gníomhaíochtaí Foirceanta

Tá a céimeanna foirceanta á gcur chun cinn ag an GNBS faoi láthair agus tá súil aici oibríochtaí a thabhairt chun críche go hiomlán faoi dheireadh mhí na Nollag 2025. Tá Aonad Claochlaithe tiomnaithe ag tiomáint agus ag maoirsiú foirceannadh céimnithe ordúil na Gníomhaireachta.

Tá na céimeanna tráchtála agus oibriúcháin atá á ndéanamh chun an foirceannadh a chur i bhfeidhm leagtha amach i dTábla 2.

TÁBLA 2: Céimeanna foirceanta

Tráchtála	Oibriúcháin
-----------	-------------

<ul style="list-style-type: none"> - Díghiaráil na punainne iasachtaí a thabhairt chun críche agus straitéisí scoir féichiúnaithe a chur i bhfeidhm. - Parfhiach iarmharach a réiteach tar éis oibleagáidí féichiúnaí a shocrú. - Maoiniú tiomanta a sholáthar d'fhéichiúnaithe agus do ghlacadóirí chun aonaid chónaithe deiridh a chumasú (c.145 in 2025). - Iarratais phleanála lóisteáilte a bhainistiú do shuímh chónaithe a dhíolfar agus a fhorbrófar go príobháideach. - Sócmhainní láithreáin chónaithe le cumas forbartha níos fadtéarmaí a bhainistiú. - Na leasanna cothromais atá fágtha ag an GNBS i SDZ Dhughthailte Bhaile Átha Cliath a réiteach. - Dlíthíocht gan réiteach a bhainistiú agus a réiteach - c10 cás gníomhach faoi láthair. - Aistriú phunann tithíochta sóisialta NARPS chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún a chur chun cinn nuair a cheadaíonn an reachtaíocht. 	<ul style="list-style-type: none"> - Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm tionscadal bainistíochta sonraí agus taifead de réir an bheartais cheadaithe. - Aonaid ghnó laistigh de GNBS a chomhdhlúthú agus a laghdú. - An treochlár foirceanta do bhonneagar TF a chur chun cinn. - Struchtúr SPV agus eintitis ghrúpa scoir a dhíscaoileadh tar éis na sócmhainní gaolmhara a dhiúscairt. - Scoir de phríomhsheirbhíseoir iasachta. - Dul i dteagmháil leis an Roinn Airgeadais de réir mar a théann dréacht-reachtaíocht chun GNBS a dhíscaoileadh tríd an Oireachtas. - Dul i dteagmháil le IBRC agus leis an Roinn Airgeadais chun aistriú sócmhainní IBRC iarmharacha chuig an GNBS a chur chun cinn. - Oibriú le GBCN chun bunú agus acmhainní éifeachtacha a chinntiú don Aonad Réitigh.
--	--

Aistriú Gníomhaíochtaí Iarmharacha an Leachtaitheora Speisialta IBRC

Faoi réir reachtaíocht a bheith achtaithe, d'fhógair an tAire Airgeadais go n-aistreoidh sé roinnt sócmhainní iarmharacha agus dlíthíocht neamhréitithe an Leachtaitheora Speisialta IBRC chuig an GNBS go luath in 2025. Ní mór do GNBS na gníomhaíochtaí seo a bhainistiú le linn 2025. Aistrefar aon saincheisteanna gan réiteach chuig Aonad Réitigh GBCN.

Aonad Réitigh GBCN

Mhol an tAire Airgeadais go mbunófaí Aonad Réitigh sa GBCN chun aon ghníomhaíocht iarmharach GNBS tar éis 2025 a bhainistiú. Tá an GNBS ag obair i gcomhar le GBCN agus leis an Roinn Airgeadais mar ullmhúchán d'aon ghníomhaíocht neamhchríochnaithe atá le haistriú chuig Aonad Réitigh GBCN faoi dheireadh 2025.

Coinneofar gníomhaíocht neamhchríochnaithe chomh híseal agus is féidir agus is dócha go guimseoidh sí sócmhainní comhréitigh, dlíthíocht gan réiteach, nó sócmhainní a bhfuil luach acu don Stát. Táthar ag súil go mbeidh sócmhainní casta den sórt sin ann tar éis d'fheithicil oiliúna oibríochtaí a thabhairt chun críche agus is gnách é den taitní idirnáisiúnta.

4. Gníomhaíochtaí Ranníocaíochta Sóisialta

Príomhchuspóir de chuid an Bhoird le linn shaolré an GNBS ba ea gníomhaíochtaí tráchtála na Gníomhaireachta a sheoladh ar bhealach a chuireann le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an Stáit agus a chomhlánaíonn é. D'oibrigh an GNBS go dlúth le ranna Rialtais, le gníomhaireachtaí stáit agus le húdaráis áitiúla chun réadmhaoine a d'fhéadfadh leas pobail, eacnamaíoch nó sóisialta a bheith acu a aithint, go háirithe trí thithíocht shóisialta a sholáthar ón stoc tithíochta atá faoi smacht an GNBS. Thar shaolré an GNBS, sainaithníodh breis agus 7,600 aonad a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta agus tairgtear iad d'údaráis áitiúla. Ní raibh mórán de na haonaid seo ag teastáil nó mheas na húdaráis áitiúla a bheith mí-oiriúnach ag an am, nó ní raibh siad ar fáil ina dhiaidh sin de réir mar a dhíghiaráil GNBS a punann urraithe.

Go dtí seo, tá **2,957** teach do thithíocht shóisialta seachadta nó geallta ag GNBS. Áirítear leis an bhfigiúr seo 132 aonad atá á dtógáil faoi láthair a sholáthrófar do thithíocht shóisialta nuair a bheidh siad críochnaithe. Rinneadh 1,366 de sholáthar tithíochta sóisialta iomlán an GNBS trí mheán thithíocht sóisialta NARPS. Coinneoidh an Stát an phunann seo agus aistrefar í chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún nuair a cheadaíonn an reachtaíocht. Ní áirítear i bhfigiúirí seachadta tithíochta sóisialta an GNBS aonaid a sheachadtar trí Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt ar láithreáin forbartha atá urraithe ag an GNBS.

Tá glactha ag an GNBS, i gcomhar le GBCN, le Plean Gníomhaíochta an Rialtais ar son na hAeráide agus féachann sí lena chinntiú go seolfar a gníomhaíochtaí gnó agus oibriúcháin i gcomhthéacs a dtionchar ar an gcomhshaol.

Chun tacú le spriocanna forbartha inbhuanaithe an Rialtais, féachann an GNBS le seachadadh forbartha tráchtála agus cónaithe ard-dlúis ilchineálach a éascú i limistéir ard-éilimh le seirbhísí iompair phoiblí agus pobail reatha. Tá forbairt dhlúth den sórt sin riachtanach chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir bhonneagar sóisialta, eacnamaíoch agus fisiceach a

ligeann do phobail rath a bheith orthu. Laghdaíonn sé seo lorg carbóin ina dhiaidh sin agus spreagann sé modhanna gníomhacha taistil, amhail siúl agus rothaíocht.

Cuireann an GNBS maoiniú ar fáil freisin le haghaidh tírdhreachú ar ardchaighdeán ar a forbairtí cónaithe. Áiríonn sé seo bonneagar siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán, taitneamhachtaí poiblí mar pháirceanna súgartha, páirceanna spóirt agus limistéir ghlasa, chomh maith le plandaíil speiceas crann dúchasach na hÉireann agus plandaí eile a thacaíonn le pailneoirí.

De réir riachtanais phleanála, tá forbairt thráchtála agus chónaithe a bhfuil baint ag an GNBS léi ag teacht leis na caighdeáin is airde maidir le dearadh agus forbairt inbhuanaithe. Baineann tithe nua a thógtar ar fhorbairtí cónaithe atá maoinithe ag an GNBS rátálacha Fuinnimh A3 ar a laghad amach agus le roinnt caighdeáin Foirgnimh Fuinnimh Beagnach Nialasach (nZEB) a chomhlíonadh agus tá deimhniú LEED Óir nó Platanam bainte amach ag forbairtí tráchtála i nDugthailte Bhaile Átha Cliath.

Bhí leas ag an GNBS ar dtús i 75% den 22 heicteár de thalamh infhorbartha i gCrios Forbartha Straitéisí (SDZ) Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath. Bhí an Ghníomhaireacht ríthábhachtach maidir le forbairt cheantar na nDugthailte a thiomáint agus a éascú, ar príomhshampla é d'fhorbairt dhlúth uirbeach atá tíosach ar fhuinneamh. Is eiseamláir é an tsamhail SDZ de chur chuige atá bunaithe ar phlean, agus bhí an mhodheolaíocht seachadta a d'fhorbair an GNBS ríthábhachtach dá chur i bhfeidhm.

C. Straitéisí

Is éard a bhí i gceist le príomhstraitéisí an GNBS ná dianbhainistiú sócmhainní a punanna iasachtaí agus oibriú go dlúth le féichiúnaithe/glacadóirí agus le comhpháirtithe infheistíochta eile chun infheistíocht stuama a dhéanamh i sócmhainní agus iad a bhainistiú chun sreabhadh airgid a uasmhéadú. Tá sé beartaithe go ndéanfar na hiasachtaí atá fágtha a dhíghiaráil go hiomlán agus airgead a thabhairt dóibh i rith 2025. Ní tharraingeofar anuas ach maoiniú forbartha tiomanta do thionscadail chónaithe atá fágtha (c.145 aonad) le linn 2025.

D'éirigh le GNBS leas a bhaint as feidhmíocht láidir na margaí ina n-oibríonn sí le deich mbliana anuas. Chuir diúscairtí straitéiseacha iasachta agus sócmhainní ar chumas an GNBS a

punann iasachtaí a laghdú go suntasach agus leibhéil shubstaintiúla airgid á nginiúint ag an am céanna. Ó thús deireadh Lúnasa 2024, bhí airgead carnach **€47.9 billiún** ginte ag an GNBS óna punann iasachtaí. Chuimsigh sé seo **€41.3 billiún** i bhfáltais diúscartha sócmhainní agus fuascailtí iasachta agus **€6.6 billiún** ó ioncam eile, go príomha ioncam cíosa ó shócmhainní réadmhaoine arna rialú ag féichiúnaithe agus glacadóirí. Meastar go mbeidh punann iasachtaí an GNBS thart ar €0.1 billiún faoi dheireadh-2024 ag glacadh leis go dtarlóidh imeacht féichiúnaithe sceidealta mar a bhí beartaithe.

In éineacht lena straitéisí díghiarála agus bainistithe sócmhainní a thabhairt chun críche, is í príomhstraitéis an GNBS don bhliain 2025 ná deireadh a chur leis an eagraíocht agus oibriú le GBCN chun a chinntiú go bhfuil an tAonad Réitigh bunaithe agus acmhainní éifeachtacha ar fáil d'fhonn aistriú rianúil a chumasú de ghníomhaíocht iarmharach.

Cinntoidh feidhmiú rathúil na straitéisí seo gur féidir an €950 milliún atá fágtha de bharrachas réamh-mheasta €5.2 billiún an GNBS (lena n-áirítear an cháin chorparáide íoctha) a aistriú chuig an Státchiste.

D. Leithdháileadh Acmhainní

Léiríonn **Tábla 3** thíos na príomhchodanna de Bhuiséad 2025 réamh-mheasta an GNBS:

TÁBLA 3: Buiséad Réamh-mheasta 2025

	Bonnlíne Buiséid (2021) (€m)	2025 Dréacht- bhuiséad (€m)
Costais Dhíreacha GNBS		
Táillí do Phríomhsheirbhísí/Máistir-Sheirbhíseoirí	8	3
Aisíocaíocht le GBCN mar sholáthraí seirbhíse	34	16
Táillí dlí	4	1
Aisghabháil Sócmhainní/Bainistíocht Sócmhainní	4	2
Costais airgeadais, cumarsáide, teicneolaíochta agus riaracháin eile	16	12
Iomlán - Costais Oibriúcháin Díreacha	66	34
Laghdú réamh-mheasta ar chostais oibriúcháin bhonnlíne in 2025		-49%

Is í an phríomhghné de Bhuiséad réamh-mheasta 2025 an GNBS ná an costas – €16m réamh-mheasta – a bhaineann le foireann agus seirbhísí eile a sholáthar, lena n-áirítear AD, TF, oifigí agus seirbhísí gnó, a aisíoc le GBCN. Fabhraíodh costais iomarcaíochta do 2025 i mbuiséad 2024

De réir mar a théann GNBS ar aghaidh lena fhoirceannadh, tá costais oibriúcháin laghdaithe dá réir, ag laghdú de leath ón mbonnlíne. Áirítear le costais airgeadais, cumarsáide, teicneolaíochta agus riaracháin eile do 2025 costais eireaball árachais don phunann nach mbeadh ag teastáil sna blianta roimhe sin. Cé go mbaineann buiséad 2025 le bliain deiridh oibríochta an GNBS, tá gné den bhonn costais ann nach laghdaítear ar aon dul leis an bpunann atá fágtha nó de réir mar a théann an foirceannadh chun cinn. Dá réir sin, tá roinnt costas ann nach féidir a thabhairt i gcrích go dtí lánscor na Gníomhaireachta.

Forálann an Buiséad do líon foirne de 80 ag tús 2025 ag tabhairt faoi deara go laghdófar líon na foirne go nialas trí iomarcaíochtaí sceidealta le linn 2025. Tá sé ina dhúshlán fós an phríomhfhoireann a choinneáil agus an GNBS ag druidim le lánscor agus an fhoireann ag lorg fostaíochta níos sábháilte in áiteanna eile. Tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfaidh an GNBS dóthain foirne leis an tacar scileanna riachtanacha lena chinntiú gur féidir leis an

nGníomhaireacht a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach go rathúil agus an barrachas réamh-mheasta a sheachadadh. Bhí an clár iomarcaíochta deonach ríthábhachtach maidir leis seo.

Gan an fhoireann Fheidhmiúcháin a áireamh, déanfar an líon foirne atá beartaithe i mí Eanáir 2025 a dháileadh ar cheithre rannán an GNBS mar a leanas:

TÁBLA 4: Foireann réamh-mheasta GNBS ag rannáin ghnó amhail Eanáir 2025

Rannán	Freagrachtaí
Príomhoifigeach Tráchtála (36 ball foirne)	Freagrach as gach gné de ghníomhaíochtaí díghiarála agus forbartha cónaithe an GNBS, chomh maith le bainistiú a dhéanamh ar infheistíochtaí réadmhaoine agus cothromais atá fágtha ag GNBS, agus as seachadadh tithíochta sóisialta.
Claochlú, Straitéis & Cumarsáid (4 ball foirne)	Freagrach as straitéis foirceanta an GNBS a chur i bhfeidhm de réir mar a théann an Gníomhaireacht ar aghaidh i dtreo lánscóir. Comhordú ar gach gníomhaíocht cumarsáide, gnóthaí poiblí, Saoráil Faisnéise, na meán agus foilseachán lena n-áirítear rannpháirtíocht an GNBS leis an Oireachtas agus feidhm Rúnaí an Bhoird.
Dlíthiúil (12 ball foirne)	Freagrach as comhairle dlí a sholáthar don Bhord, don POF, agus do ranna gnó ar an speictream leathan saincheisteanna dlí a bhfuil tionchar acu ar an nGníomhaireacht lena n-áirítear oibleagáidí rialála agus comhlíonta an GNBS, soláthar, GDPR agus bainistíocht na dlíthíochta.
Príomhoifigeach Airgeadais (22 ball foirne)	Freagrach as riachtanais airgeadais agus oibriúcháin na heagraíochta a bhainistiú a chuimsíonn raon leathan feidhmeanna gnó lena n-áirítear Airgeadas, Oibríochtaí, Córais, Cáin, Iniúchadh agus Riosca.